# Bord Oideachais agus Oiliúna

# Lú agus na Mí

## Tuarascáil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um

## Chomhionannas agus Cearta an Duine



## Réamhrá:

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) (2014) oibleagáid dhlíthiúil ar Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a dhíchur, agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú i ngach réimse de soláthar seirbhíse. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do na cuspóirí atá leagtha amach sa Dualgas agus in Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2014) a chomhlíonadh. Leagtar amach sa cháipéis seo an cur chuige pleanáilte agus sistéamach atá á ghlacadh ag BOOLM chun deireadh a chur go réamhghníomhach le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna ár bhfoirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint ar fud gach feidhm agus gníomhaíochta eagraíochtúla.

**Cuid 42 (1):** Comhlachtaí poiblí a spreagadh chun saincheisteanna cearta an duine agus comhionannais a chomhtháthú i ngach gné den chaoi a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna ar bhonn leanúnach.

**I gcás BOOLM, is éard atá i gceist leis seo:**

- A bheith feasach ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a mbíonn tionchar acu ar fhoireann agus úsáideoirí seirbhísí BOOLM, agus céimeanna réamhghabhálacha agus réamhghníomhacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

- Ag tabhairt aghaidhe ar shaincheisteanna trí bheartais, nósanna imeachta, foilseacháin BOOLM, caighdeáin oibríochtúla, modhanna soláthar seirbhíse, straitéisí, meastóireachtaí agus feidhmeanna feidhmiúcháin a athbhreithniú.

**Cuid 42 (2):** Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí saincheisteanna ábhartha maidir le cearta an duine agus comhionannas a mheas agus beartais, pleananna agus gníomhartha a leagan amach chun aghaidh a thabhairt orthu seo ina bplean straitéiseach/corparáideach. Caithfidh an comhlacht poiblí ansin forbairtí a bhaineann le dul i ngleic leis na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a áireamh ina thuarascáil bhliantúil.

**I gcás BOOLM, is éard atá i gceist leis seo:**

- Ag cinntiú go réamhghníomhach go bhfuil comhionannas deiseanna soiléir agus maidir le rochtain ar fhostaíocht, ar dheiseanna oideachais, ar chláir oiliúna, agus ar fud ár sholáthar seirbhíse.

- A chinntiú go bhfuil cur chuige neamh-idirdhealaitheach soiléir i gcúrsaí a aithnítear agus a chosnaítear leis na naoi bhforas idirdhealaithe in Éirinn, mar shampla, aois, stádas sibhialta, míchumas, stádas teaghlaigh, inscne, cine, iris reiligiúnach (nó easpa creidimh), claonadh gnéasach, agus ballraíocht den Lucht Siúil.

- Beartais agus nósanna imeachta a chruthú, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar iompraíochtaí idirdhealaitheacha agus a thacaíonn le héagsúlacht agus ionchuimsiú laistigh d'ionad oibre, de shuíomh oideachais agus de sholáthar seirbhíse BOOLM.

- Cultúr ionchuimsithe agus meas a chur chun cinn go réamhghníomhach i measc na foirne agus úsáideoirí seirbhíse in ionad oibre BOOLM, sa suíomh oideachais agus ar fud ár sholáthar seirbhíse ar fad.

- Cur chuige bunaithe ar fhianaise a ghlacadh chun saincheisteanna a chuireann cosc ar dhul chun cinn cultúir éagsúil, chothrom agus ionchuimsitheach laistigh d'fheidhmeanna BOOLM a 1) Mheasúnú, 2) a Láimhseáil 3) a Thuairisciú.

- Tuarascáil BOOLM maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a fhoilsiú chun foireann agus úsáideoirí seirbhísí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn agus tionscnaimh BOOLM chun ár n-oibleagáidí faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2014) a chomhlíonadh



# Cur Chuige Bunaithe ar Fhianaise de chuid BOOLM

## Tagairt: 001

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú ar Thuarascálacha foilsithe BOOLM, ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta ábhartha le haghaidh tagairtí do Dhualgas na hEarnála Poiblí de chuid BOOLM agus do chuspóirí comhionannais reachtúla.

**Cuspóirí:**

- Iarrachtaí eagraíochtúla a achoimriú agus taca a chur fúthu chun cearta daonna fostaithe agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint.
- Cultúr ionchuimsitheachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus tús áite a thabhairt d'iarrachtaí chun deireadh a chur le hidirdhealú.
- Cloí le hoibleagáidí reachtúla.

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh an Ráiteas Straitéise agus gach foilseachán corparáideach ábhartha.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus 2024.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh Beartais agus Nósanna Imeachta Ábhartha.
- Foilsíodh agus cruthaíodh Ráiteas um Chearta an Duine agus Comhionannas ar an suíomh gréasáin.
- Cruthaíodh agus foilsíodh Ráiteas Inrochtaineachta ar an suíomh gréasáin.

- Áirítear anois san aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Straitéise atá ann cheana féin, arna cheadú ag BOOLM, tiomantas BOOLM do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus déanfar é a nuashonrú de réir mar is gá

**Gníomh breise le déanamh:**

- Teimpléad Measúnacht Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) le cruthú chun a chinntiú go bhfuil gach beartas agus tionscnamh oiliúna nua i gcomhréir le treoirlínte IHREC maidir le hidirdhealú.
- Monatóireacht ar bheartais agus nósanna imeachta ábhartha, doiciméid straitéiseacha agus tuarascálacha le haghaidh nuashonruithe agus athruithe treorach.
- Glacadh le beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe BOOLM ag Bord BOOLM i mí Feabhra 2025 agus beidh sé ina chuid dhílis de phróiseas nua ionduchtaithe agus oiliúna atá á fhorbairt ag an Rannóg Acmhainní Daonna.

## Tagairt: 002

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú ar Riachtanais Oiliúna Foirne BOOLM i gComhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht.

**Cuspóirí:**


- Treoir agus cúnamh a chur ar fáil do bhaill foirne maidir le comhlíonadh reachtaíochta comhionannais.
- Na scileanna riachtanacha a chur ar fáil don fhoireann chun idirdhealú a aithint agus freagairt dó i suíomhanna oibre.
- A chinntiú go bhfuil baill foirne ar an eolas faoi iompraíochtaí agus gníomhartha diúltacha a d’fhéadfaí a léirmhíniú mar shárú ar chearta an duine.
- Iompraíochtaí agus gníomhartha a thacaíonn le timpeallacht oibre agus oideachais atá éagsúil, cuimsitheach agus cothrom a spreagadh agus a chur chun cinn.

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Oiliúint ar Fheasacht ar Mhíchumas aimsithe agus curtha ar fáil do bhaill foirne túslíne i Scoileanna agus i seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna, i bhfoirne Bainistíochta, agus sa Riarachán.
- Oiliúint shonrach Míchumais agus Idirdhealaithe curtha ar fáil d'Earcaíocht AD.
- Oiliúint IHREC don tseirbhís phoiblí curtha i láthair do bhaill foirne.
- Pleanáil scoir ar fáil do bhaill foirne incháilithe.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do Phríomhoifigigh Chúnta agus d'Fhoirne Bainistíochta maidir le déileáil le próisis araíonachta i gcomhthéacs líomhaintí idirdhealaithe.

**Gníomh breise le déanamh:**

- Leanfar le hoiliúint Feasachta ar Mhíchumas Foirne.
- In éagmais oiliúna saincheaptha don earnáil maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna BOO, déanfar ardán ríomhfhoghlama IHREC a scaipeadh ar an bhfoireann go rialta. Leanfaidh BOOLM de bheith ag iniúchadh agus ag feabhsú modhanna seachadta oiliúna.
- Leanfaidh Foirne Bainistíochta orthu ag tacú le tionscnaimh oiliúna foirne agus ag cur ionchuimsitheacht chun cinn ina réimsí faoi seach, agus iad ag tabhairt dea-shampla dóibh féin.
- Leanfaidh Oifigeach Rochtana BOOLM de thacaíocht riaracháin a sholáthar maidir le cúrsaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearach agus le grúpaí oibre atá bunaithe.
- Leanfar de bheith ag nuashonrú an ardáin faisnéise inmheánaigh don fhoireann le treoirlínte maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú chun go mbeidh sé éasca é a aisghabháil agus a úsáid.



## Tagairt: 003

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú ar threoir agus ar fhaisnéis tacaíochta atá ar fáil do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhíse maidir le Comhionannas, Éagsúlacht, Idirdhealú, Ionchuimsitheacht agus Míchumas.

**Cuspóirí:**

A chinntiú go bhfuil treoir agus tacaíocht inrochtana ar fáil nuair a bhíonn gá ag baill foirne agus úsáideoirí seirbhíse léi ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Tá leabharlann de dhoiciméid threorach agus tacaíochta ar fáil tríd an ardán inmheánach SharePoint.
- Tá doiciméid tacaíochta foghlama atá ceaptha go háitiúil ar fáil i Scoileanna agus in ionaid Breisoideachais agus Oiliúna.
- Tá beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe de chuid BOOLM, agus beartais ábhartha eile ar fáil ón rannán beartais de www.lmetb.ie.
- Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna tacaíocht agus treoir ar fáil tríd an Oifigeach Rochtana accessofficer@lmetb.ie.

**Gníomh breise le déanamh:**

Leanfar de dhoiciméid tacaíochta, nuashonruithe, treoir agus faisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne tríd an Roinn Acmhainní Daonna agus ardáin foirne inmheánacha BOOLM, suíomh gréasáin agus doiciméid fhoilsithe.

## Tagairt: 004

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú ar chleachtais earcaíochta agus coinneála Acmhainní Daonna chun comhlíonadh Dualgas agus Inrochtaineacht na hEarnála Poiblí a chinntiú.

**Cuspóirí:**

Chun a chinntiú go dtugann BOOLM, mar fhostóir, deiseanna comhionanna do gach duine atá ag lorg fostaíochta, coinneála agus dul chun cinn a dhéanamh i ngairm bheatha gan chlaontacht, idirdhealú ná neamh-inrochtaineacht.

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Oiliúint maidir le hIonchuimsiú Míchumais agus Inrochtaineacht curtha ar fáil do Fhoireann Earcaíochta AD BOOLM.
- Athbhreithniú déanta ar bheartais agus nósanna imeachta chun a chinntiú go gcuirtear comhionannas deiseanna chun cinn agus go gcuirtear in iúl do gach iarrthóir féideartha agus do bhaill foirne reatha é.
- An próiseas earcaíochta - Athbhreithniú déanta ar mhodhanna fógraíochta, iarratais, agallaimh agus roghnúcháin chun a chinntiú go gcuirtear comhionannas deiseanna i bhfeidhm ag gach céim.
- Cruinnithe le seirbhís eagraíochta tathanta áitiúil do dhaoine faoi mhíchumas – EmployAbility – i Lú agus sa Mhí chun iarratais ó iarrthóirí atá ag lorg fostaíochta a spreagadh.
- Tá Seirbhísí Sláinte Ceirde agus Clár Cúnaimh d’Fhostaithe i bhfeidhm chun tacaíochtaí a sholáthar do bhaill foirne reatha nuair is gá.

**Gníomh breise le déanamh:**

- Leanfaidh BOOLM de bheith cinnte go bhfuil fógraí agus próisis Iarratais Poist comhlíontach agus inrochtana.
- Cinnteoidh BOOLM go mbeidh gach tacaíocht riachtanach i bhfeidhm le haghaidh próiseas coinneála ionchuimsitheach.
- Leanfaidh BOOLM de bheith i dteagmháil le seirbhísí míchumais áitiúla agus le grúpaí eagraíochta tathanta mionlaigh eile chun tacú le hiarratais ó dhaoine atá faoi chosaint na

naoi bhforas idirdhealaithe agus iad a spreagadh chun ár dtiomantas do phróisis earcaíochta agus coinneála ionchuimsitheacha tuilleadh a chur chun cinn.

- Leanfaidh BOOLM ag obair le Seirbhísí Sláinte Ceirde agus leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe ag cinntiú go bhfuil baill foirne ag fáil na dtacaíochtaí riachtanacha.

## Tagairt: 005

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Comhairliúcháin BOOLM - measúnú a dhéanamh ar thaithí saoil na foirne agus úsáideoirí seirbhísí i réimsí an Chomhionannais agus na gCeart Daonna.

**Cuspóirí:**

A bheith láneolach ar thaithí na foirne agus úsáideoirí na seirbhíse, agus léargas luachmhar a fháil ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar dhaoine san ionad oibre agus i dtimpeallachtaí na bhfoghlaimeoirí

**Bearta Reatha go dtí seo:** **Tá sonraí comhairliúcháin ar fáil in aguisín i, ii.*

- *Comhairliúchán le baill foirne BOOLM a rinneadh in 2024 maidir le taithí saoil ar shaincheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna i dtimpeallacht oibre BOOLM.
- *Comhairliúchán le foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a rinneadh i R1 2025 maidir le taithí saoil ar shaincheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna i dtimpeallacht foghlama BOOLM.
- Comhairliúchán le Foireann Bainistíochta Riosca BOOLM chun rioscaí a taifeadadh i réimsí na gCeart Daonna/Idirdhealaithe/Ionchuimsithe a mbíonn tionchar acu ar bhaill foirne agus ar úsáideoirí seirbhíse a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
- Comhairliúchán leis an Oifigeach Gearán de chuid BOOLM agus leis an gCeann Acmhainní Daonna chun aon ghearáin ábhartha a fhaightear ó bhaill foirne agus ó úsáideoirí seirbhíse a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

**Gníomh breise le déanamh:**

- Tá BOOLM ag tabhairt aghaidhe ar gach réimse freagartha mar chuid de Dhualgas na hEarnála Poiblí.
- Leanfaidh BOOLM de bheith ag gabháil do chomhoibriú agus ag dul i gcomhairle le baill foirne agus le húsáideoirí seirbhísí maidir le cúrsaí Cearta Daonna/Comhionannais/Éagsúlachta agus Ionchuimsithe.
- Eagróidh BOOLM grúpa oibre trasfheidhmeach chun fís agus uaillmhianta luachanna Dhualgas Seirbhíse Poiblí a stiúradh i ngach colún dár mBord Oideachais agus Oiliúna.

## Tagairt: 006

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú ar Inrochtaineacht Dhigiteach BOOLM

**Cuspóirí:**

A chinntiú go bhfuil suíomh gréasáin BOOLM agus ábhar digiteach foilsithe inrochtana ag gach úsáideoir ar fud an soláthar seirbhíse

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Rinne Roinn TFC an BOOLM athbhreithniú ar ghnéithe inrochtaineachta na ndoiciméad foilsithe ar líne de réir oibleagáidí Threoir AE maidir le hInrochtaineacht Gréasáin trí sheirbhís monatóireachta an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus tá sí ag obair ar an ábhar faoi láthair chun na saincheisteanna inrochtaineachta a réiteach a mhéid is féidir go réasúnta.
- Tá Roinn TFC BOOLM ag athbhreithniú dearadh inrochtaineachta shuíomh gréasáin BOOLM agus na réimsí a mbíonn tionchar acu ar úsáideoirí seirbhíse a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Tá Ráiteas Inrochtaineachta ar fáil ar líne anois.

**Gníomh breise le déanamh:**

- Leanfaidh BOOLM de bheith ag athbhreithniú gach doiciméad foilsithe le haghaidh gnéithe inrochtaineachta.

- Caithfidh an fhoireann cloí le treoracha ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin chun a chinntiú go ndéantar doiciméid a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin BOOLM, ar ardáin inmheánacha agus ar ardáin meán sóisialta a sheiceáil le haghaidh inrochtaineachta. Uirlisí treorach agus inrochtaineachta curtha scaipthe i R1 2025.
- Leanfaidh foireann TFC BOOLM ag obair le comhpháirtithe deartha gréasáin chun na hathruithe riachtanacha a chur i gcrích do shuíomh gréasáin BOOLM.
- Leanfaidh BOOLM de thacaíocht teicneolaíochta cúnta a sholáthar do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhíse de réir mar is gá.

## Tagairt: 007

**Príomh-Mheasúnú a Rinneadh:**

Athbhreithniú BOOLM ar an timpeallacht thógtha agus léiriú amhairc ar ár luachanna Ionchuimsitheacha.

**Cuspóirí:**

- A chinntiú go bhfuil timpeallacht BOOLM inrochtana go fisiciúil trí bhacainní a dhíchur.
- A chinntiú go léiríonn aeistéitic amhairc na n-áitreabh luachanna ionchuimsitheacha BOOLM agus Dualgas na hEarnála Poiblí.

**Bearta Reatha go dtí seo:**

- Cinntíonn BOOLM go gcomhlíontar rialacháin foirgníochta do thimpeallachtaí inrochtana tríd an Roinn Talún agus Foirgneamh againn. Cinntíonn an fhoireann Talún agus Foirgneamh go bhfuil inrochtaineacht i gcroílár gach áitribh nua agus reatha.

**Gníomh breise le déanamh:**

- Leanfaidh BOOLM de bheith ag athbhreithniú inrochtaineachta thimpeallachtaí tógtha BOOLM tríd an Roinn Talún agus Foirgneamh againn.

- Cuirfidh BOOLM saincheisteanna cearta an duine chun cinn i bhfoirgnimh istigh trí phóstaeir, ealaín agus ábhair amhairc eile den chineál céanna. Feidhmeoidh na míreanna seo mar leideanna amhairc agus mar mheabhrúcháin ar luachanna ionchuimsitheacha BOOLM.

**Samplaí de leideanna amhairc:**

***Tóg sos****; Tóg nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar an bpictiúr seo agus na difríochtaí a dhéanann timpeallacht atá inrochtana go fisiciúil agus timpeallacht atá inrochtana go digiteach do shaol duine faoi mhíchumas.*



***Cá dtosaíonn cearta daonna uilíocha, tar éis an méid sin uile?***

*In áiteanna beaga, gar don bhaile – chomh gar agus chomh beag sin nach féidir iad a fheiceáil ar aon léarscáileanna den domhan. Ach is iad saol an duine aonair iad; an chomharsanacht ina gcónaíonn sé; an scoil nó an coláiste a bhfreastalaíonn sé air; an fheirm nó an oifig ina n-oibríonn sé.*
*Sin iad na háiteanna ina lorgaíonn gach fear, bean agus leanbh comhionannas ceartais, comhdheiseanna, comhdhínit gan idirdhealú. Mura bhfuil brí leis na cearta sin ansin, níl mórán brí leo in áit ar bith. Gan ghníomhaíocht imníoch ó shaoránaigh chun iad a choinneáil gar don bhaile, ní bheimid ag lorg dul chun cinn sa domhan mór go deo."*

Eleanor Roosevelt – Cathaoirleach – Coimisiún na Náisiún Aontaithe 1946

## Conclúid:

In 2024, rinne BOOLM iarrachtaí móra chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna a chur chun cinn ar fud fheidhmiúlacht leathan na heagraíochta, ach fós féin, táthar ag admháil go bhfuil go leor oibre le déanamh fós. Ní dhéanfaidh sé seo difear ná ní laghdóidh sé ár dtiomantas chun ár n-oibleagáidí faoin Dualgas a chomhlíonadh. Creideann BOOLM i dteachtaireacht an Dualgais agus déanfaidh sé a dhícheall na hathruithe is gá a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú go dearfach, bacainní a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn agus dea-chaidreamh a chothú le baill foirne, le húsáideoirí seirbhíse agus leis na pobail níos leithne i Lú agus sa Mhí.

Roinn Acmhainní Daonna

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM)

Márta 2025

Aguisín: I

## Comhionannas agus Cearta Daonna ag an Obair.

## Ceistneoir Foirne Rúnda agus Anaithnid BOOLM – 2024

## Freagraí

**C1> An raibh tú riamh den tuairim go raibh idirdhealú á dhéanamh i do choinne in ionad oibre an BOOLM mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na forais Chomhionannais seo a leanas? Más TÁ, roghnaigh an réimse/na réimsí ábhartha thíos le do thoil. Mura bhfuil, roghnaigh Níl le do thoil.**

- **Inscne** -fireann, baineann, trasinscneach, neamh-dhénártha.

  **Freagra** - D'fhreagair 8% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Inscne.

- **Stádas Sibhialta** - singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, páirtnéireacht shibhialta nó scaoileadh sibhialta.

  **Freagra** - D'fhreagair 2% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Stádas Sibhialta.

- **Stádas Teaghlaigh** - torrach, tuismitheoir, caomhnóir, cúramóir.

  **Freagra** – D'fhreagair 5% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh.

- **Aois** - infheidhme maidir le 18 mbliana d'aois nó níos sine - ar caitheadh leo ar bhealach níos lú fabhrach mar gheall ar aois.

  **Freagra** - D'fhreagair 6% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Aois.

- **Míchumas** - fisiceach, intleachtúil, agus/nó meabhrach.

  **Freagra** -D'fhreagair 2% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Mhíchumas.

- **Cine** - dath craicinn, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta.

  **Freagra** -D'fhreagair 2% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Claonadh Gnéasach** - heitrighnéasach, homaighnéasach, déghnéasach.

  **Freagra** -D'fhreagair 1% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Reiligiún** - lena n-áirítear cúlra reiligiúnach agus iad siúd nach bhfuil aon chreideamh acu.

  **Freagra** - D'fhreagair 2% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Reiligiún.

- **Ballraíocht den Lucht Siúil.**

  **Freagra** - D'fhreagair 0% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Bhallraíocht i bPobal an Lucht Siúil.

- **Níl** - Níor mhothaigh mé go ndearnadh idirdhealú i mo choinne ar aon cheann de na forais seo.

  **Freagra** - D'fhreagair 73% de bhaill foirne Níl ar an gceist faoi bheith ag mothú idirdhealú pearsanta ina n-aghaidh i dtimpeallacht oibre BOOLM.

**C2> An <u>bhfaca</u> tú riamh idirdhealú in aghaidh duine eile in ionad oibre BOOLM (ball foirne, foghlaimeoir nó páirtí leasmhar) mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na forais Chomhionannais seo a leanas? Más TÁ, roghnaigh an réimse/na réimsí ábhartha thíos le do thoil. Mura bhfuil, roghnaigh Níl le do thoil.**

- **Inscne** -fireann, baineann, trasinscneach, neamh-dhénártha.

  **Freagra** - D'fhreagair 8% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Inscne.

- **Stádas Sibhialta** - singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, páirtnéireacht shibhialta nó scaoileadh sibhialta.

  **Freagra** - D'fhreagair 1% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Stádas Sibhialta.

- **Stádas Teaghlaigh** - torrach, tuismitheoir, caomhnóir, cúramóir.

  **Freagra** – D'fhreagair 3% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh.

- **Aois** - infheidhme maidir le 18 mbliana d'aois nó níos sine - ar caitheadh leo ar bhealach níos lú fabhrach mar gheall ar aois.

  **Freagra** - D'fhreagair 4% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Aois.

- **Míchumas** - fisiceach, intleachtúil, agus/nó meabhrach.

  **Freagra** -D'fhreagair 4% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Mhíchumas.

- **Cine** - dath craicinn, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta.

**Freagra** -D'fhreagair 8% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Claonadh Gnéasach** - heitrighnéasach, homaighnéasach, déghnéasach.

  **Freagra** -D'fhreagair 4% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Reiligiún** - lena n-áirítear cúlra reiligiúnach agus iad siúd nach bhfuil aon chreideamh acu.

  **Freagra** - D'fhreagair 3% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoin Reiligiún.

- **Ballraíocht den Lucht Siúil.**
  **Freagra** - D'fhreagair 4% de bhaill foirne Tá ar an gceist faoi Bhallraíocht i bPobal an Lucht Siúil.

- **Níl** -Ní fhaca mé idirdhealú in aghaidh duine eile faoi aon cheann de na forais seo.

  **Freagra** -D'fhreagair 61% de bhaill foirne Níl ar an gceist faoi bheith tar éis idirdhealú a fheiceáil in aghaidh duine eile i dtimpeallacht oibre BOOLM.

**C3> Cé chomh muiníneach atá tú as do chumas eachtra idirdhealaithe faoi na naoi bhforas Comhionannais atá liostaithe thuas a aithint nó a shainaithint go compordach?**

- **Muiníneach.**
  **Freagra** - Dúirt 77% de bhaill foirne go raibh siad Muiníneach.
- **Neodrach**
  **Freagra** - Dúirt 21% de bhaill foirne go raibh siad Neodrach.
- **Gan Muinín**
  **Freagra** -Thuairiscigh 2% de bhaill foirne nach raibh siad muiníneach.

**C4> An gceapann tú go gcuideodh oiliúint sa Chomhionannas agus sna naoi réimse idirdhealaithe leat a bheith níos muiníní as idirdhealú a aithint agus a chosc?**

- Ceapaim.
  **Freagra** –D'fhreagair 59% de bhaill foirne Níl.
- Níl.
  **Freagra** - D fhreagair 36% de bhaill foirne Níl.

**C5> An bhfuil tú ar an eolas faoi conas ba chóir duit imní maidir le hidirdhealú - a tharla nó a chonaic tú - a thuairisciú nó a chur in iúl do na hoifigigh ábhartha i mBOOLM?**

- Tá.

**Freagra** –D'fhreagair 41% de bhaill foirne Tá.

- Níl.

**Freagra** - D fhreagair 59% de bhaill foirne Níl.

**C6> Dar leat, cad is féidir le BOOLM a dhéanamh chun Comhionannas a chur chun cinn agus chun idirdhealú a chosc ó tharla inár dteagmhálacha laethúla le comhghleacaithe, le foghlaimeoirí agus le páirtí leasmhara?**

- **Freagra** Mar achoimre, is iad na freagraí is mó a fuarthas - Oiliúint, Feasacht, níos mó plé, fórsa saothair níos éagsúla, cur chuige neamhfhulaingthe fianaiseach arna threorú agus arna léiriú ag Foirne Bainistíochta do gach ball foirne.

**C7> Tá an suirbhé seo go hiomlán anaithnid. Níl aon sonraí pearsanta, seoladh ríomhphoist ná aitheantóir ag teastáil chun do fhreagra a chur isteach. Déanfar na sonraí anaithnidithe a thiomsú chun saincheisteanna a bhaineann le comhionannas i mBord Oideachais agus Oiliúna a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu. Bheimis buíoch, áfach, dá roghnófá ceann amháin díobh seo a leanas: :**

- Is fostaí **Scoile** mé.

  **Freagra**– Bhí 45% de bhaill foirne lonnaithe sa scoil.

- Is fostaí **Breisoideachais agus Oiliúna** mé.

  **Freagra** –Bhí 33% de bhaill foirne lonnaithe i mBreisoideachais agus Oiliúna.

- Is fostaí mé atá lonnaithe i **dTacaíocht agus Forbairt Eagraíochta**.

  **Freagra** –Bhí 10% de bhaill foirne lonnaithe i dTacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta.

- B'fhearr liom gan a rá an áit ina bhfuilim lonnaithe.

  **Freagra** – Bhí 13% de bhaill foirne ag rá nach mbeadh siad sásta a rá.

Aguisín: ii

## Comhionannas agus Cearta Daonna

## Ceistneoir Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Rúnda agus Gan Ainm an BOOLM

## 2025

## Freagraí

**C1> An raibh tú riamh den tuairim go raibh idirdhealú á dhéanamh i do choinne i dtimpeallacht foghlama BOOLM mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na forais Chomhionannais seo a leanas?Más TÁ, roghnaigh an réimse/na réimsí ábhartha thíos le do thoil. Mura bhfuil, roghnaigh Níl le do thoil.**

- **Inscne** -fireann, baineann, trasinscneach, neamh-dhénártha.
  **Freagra** - D'fhreagair 4% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Inscne.

- **Stádas Sibhialta** - singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, páirtnéireacht shibhialta nó scaoileadh sibhialta.
  **Freagra** – D'fhreagair 1% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh.

- **Stádas Teaghlaigh** - torrach, tuismitheoir, caomhnóir, cúramóir.
  **Freagra** – D'fhreagair 1% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh.

- **Aois** - infheidhme maidir le 18 mbliana d'aois nó níos sine - ar caitheadh leo ar bhealach níos lú fabhrach mar gheall ar aois.
  **Freagra** - D'fhreagair 2% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá don fhreagra ar Aois.

- **Míchumas** - fisiceach, intleachtúil, agus/nó meabhrach.
  **Freagra** - D'fhreagair 3% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Mhíchumas

- **Cine** - dath craicinn, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta.
  **Freagra** - D'fhreagair 3% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Claonadh Gnéasach** - heitrighnéasach, homaighnéasach, déghnéasach
  **Freagra** - D'fhreagair 2% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Chlaonadh Gnéasach.

- **Reiligiún** - lena n-áirítear cúlra reiligiúnach agus iad siúd nach bhfuil aon chreideamh acu.
  **Freagra** - D'fhreagair 1% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoin Reiligiún.

- **Ballraíocht den Lucht Siúil.**
  **Freagra** - D'fhreagair 1% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Bhallraíocht i bPobal an Lucht Siúil.

- **Níl** - Níor mhothaigh mé go ndearnadh idirdhealú i mo choinne ar aon cheann de na forais seo.
  **Freagra** - D'fhreagair 81% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna **Níl** ar an gceist faoi bheith ag mothú idirdhealú pearsanta ina n-aghaidh i dtimpeallacht foghlama BOOLM.

**C2> An <u>bhfaca</u> tú riamh idirdhealú in aghaidh duine eile i dtimpeallacht foghlama BOOLM (ball foirne, foghlaimeoir nó páirtí leasmhar) mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na forais Chomhionannais seo a leanas? Más TÁ, roghnaigh an réimse/na réimsí ábhartha thíos le do thoil. Mura bhfuil, roghnaigh Nílle do thoil.**

- **Inscne** -fireann, baineann, trasinscneach, neamh-dhénártha.
  **Freagra** - D'fhreagair 6% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Inscne.

- **Stádas Sibhialta** - singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, páirtnéireacht shibhialta nó scaoileadh sibhialta.
  **Freagra** – D'fhreagair 2% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh

- **Stádas Teaghlaigh** - torrach, tuismitheoir, caomhnóir, cúramóir
  **Freagra** – D'fhreagair 3% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Stádas Teaghlaigh

- **Aois** - infheidhme maidir le 18 mbliana d'aois nó níos sine - ar caitheadh leo ar bhealach níos lú fabhrach mar gheall ar aois.
  **Freagra** - D'fhreagair 3% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Aois.

- **Míchumas** - fisiceach, intleachtúil, agus/nó meabhrach.
  **Freagra** - D'fhreagair 5% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Mhíchumas.

- **Cine** - dath craicinn, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta.
  **Freagra** - D'fhreagair 6% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Chine.

- **Claonadh Gnéasach** - heitrighnéasach, homaighnéasach, déghnéasach.
  **Freagra** - D'fhreagair 5% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Chlaonadh Gnéasach.

- **Reiligiún** - lena n-áirítear cúlra reiligiúnach agus iad siúd nach bhfuil aon chreideamh acu.
  **Freagra** - D'fhreagair 2% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Reiligiún.

- **Ballraíocht den Lucht Siúil.**
  **Freagra** - D'fhreagair 1% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá ar an gceist faoi Bhallraíocht i bPobal an Lucht Siúil.

- **Níl** -Ní fhaca mé idirdhealú in aghaidh duine eile faoi aon cheann de na forais seo.
  **Freagra** D'fhreagair 67% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna **Níl** ar an gceist faoi bheith tar éis idirdhealú a fheiceáil in aghaidh duine eile i dtimpeallacht foghlama BOOLM.

**C3> Cé chomh muiníneach atá tú as do chumas eachtra idirdhealaithe faoi na naoi bhforas Comhionannais atá liostaithe thuas a aithint nó a shainaithint go compordach?**

- **Muiníneach.**
  **Freagra** - Dúirt 71% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna go raibh siad Muiníneach.

- **Neodrach.**
  **Freagra** - Dúirt -25% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna go raibh siad Neodrach.

- **Gan Muinín.**
  **Freagra** - Dúirt 4% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna nach raibh siad Muiníneach.

**C4> An bhfuil tú ar an eolas faoi conas ba chóir duit imní maidir le hidirdhealú - a tharla nó a chonaic tú - a thuairisciú nó a chur in iúl do na hoifigigh ábhartha i mBOOLM?**

- Ceapaim.
  **Freagra** – D'fhreagair 70% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Tá.

- Níl.

**Freagra** – D'fhreagair 30% d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna Níl.

**C5> Dar leat, cad is féidir le BOOLM a dhéanamh chun feasacht ar chomhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc i dtimpeallacht foghlama BOOLM?**

- **Freagra** Mar achoimre, is iad na freagraí is mó a fuarthas – Foireann a oiliúint maidir le conas idirdhealú a bhainistiú, níos mó plé mar chuid d'oiliúint agus ionduchtú foghlaimeoirí – ceardlann a reáchtáil, foghlaimeoirí a spreagadh chun seasamh in aghaidh an idirdhealaithe, foghlaimeoirí a mhúineadh cé leis ar cheart dóibh idirdhealú a thuairisciú, foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi chásanna agus éisteacht leo nuair a thuairiscíonn siad, éagsúlacht i soláthar foirne, cumarsáid agus meabhrúcháin.

**Tagairtí:** Treoirlínte maidir le Dualgas Seirbhíse Poiblí IHREC

Acht IHREC 2014

Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998- 2021

An tAcht um Míchumas 2005

Suíomh Gréasáin Corparáideach BOOLM, Foilseacháin Chorparáideacha lena n-áirítear staitisticí bailithe dóibh, Beartais agus Nósanna Imeachta

Sonraí Comhairliúcháin Fhoireann agus Foghlaimeoirí an BOOLM